# Gaelcholáiste Chomáin

# Beartas Frithbhulaíochta

## Daingnithe ag an mBord Bainistíochta: 23-10-2024

| | |
|---|---|
| Gaelcholáiste Chomáin<br>Ros Dumhach<br>Béal an Átha<br>Co. Mhaigh Eo<br>F26 YR99 | Uimhir rolla: 72140V<br>Fón: 097 88940<br>R-phost: eolas@gcr.ie<br>www.gcr.ie |

**Réasúnaíocht**

> "Is é cúram scoile oideachas oiriúnach a sholáthar do gach duine dá daltaí. Teastaíonn timpeallacht foghlama atá cobhsaí agus slán, le gur féidir é sin a dhéanamh. Ní féidir oideachas sásúil a chur ar fáil má bhíonn iompar bulaíochta ar siúl."

(An Roinn Oideachais agus Scileanna 2013, p.3, Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.)

**Ráiteas Misin**

Déanaimid gach iarracht a chinntiú go bhfuil gach dalta sona agus slán anseo agus go mbaineann siad a bpoitéinseal amach i dtimpeallacht scoile chomhoibríoch agus chomhbhách. Spreagann Gaelcholáiste Chomáin cruthaitheacht agus cuimsíonn sí éagsúlacht i dtimpeallacht foghlama dhearfach. Tugaimid tacaíocht agus spreagadh go gach dalta a bheith ina saoránaigh fhreagracha ina saol pearsanta agus acadúil.

**Ráiteas maidir le Bulaíocht:**

- Tá sé de cheart ag gach dalta i nGaelcholáiste Chomáin taitneamh a bhaint as an am a chaitheann siad ag foghlaim agus i mbun fóillíochta agus iad saor ó imeaglú.
- Tugtar spreagadh do dhaltaí tacaíocht a thabhairt dá chéile trí eachtraí bulaíochta a thuairisciú!
- Ní ghlacfar le bulaíocht.
- Rachfar i ngleic le bulaíocht láithreach.
- Déanfar gach eachtra bulaíochta a thaifead.
- Cuirtear cláir i bhfeidhm chun tacú leis an mbulaí agus leis na híospartaigh.

**Tá sé mar aidhm ag Gaelcholáiste Chomáin an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Cultúr dearfach scoile atá cuimsitheach agus fáilteach roimh dhifríocht a chothú.
- Timpeallacht scoile a chothú atá oscailte agus tacúil agus ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé.
- Feasacht ar bhulaíocht mar iompar nach nglactar leis a mhúscailt i measc phobal uile na scoile (bainistíocht scoile, múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí, saorálaithe, etc.).
- A chinnntiú go ndéantar maoirseacht agus monatóireacht chuimsitheach ionas go gcoimeádtar súil ar na daltaí i ngach gníomhaíocht scoile.
- Nósanna imeacht a sholáthar chun gur féidir iompar bulaíochta a imscrúdú agus déileáil leis.
- Gnásanna a sholáthar chun gur féidir iompar bulaíochta a thaifeadadh agus a thuairisciú.
- Clár tacaíochta a cheapadh dóibh siúd a raibh tionchar ag iompar bulaíochta orthu agus dóibh siúd atá ag gabháil d'iompar bulaíochta.

- Oibriú as lámha a chéile leis na gníomhaireachtaí áitiúla éagsúla a fhéachann le bulaíocht agus iompar frithshóisialta a chomhrac.
- Meastóireacht leanúnach a éascú ar a éifeachtaí atá beartas frithbhulaíochta na scoile.

**Is iad seo a Leanas Cuspóirí an Bheartais seo:**

- Éiteas Neamh-bhulaíochta a Chruthú
- Cur le Feasacht
- Tuairisciú a Spreagadh
- Cláir Teagaisc Dhíreacha
- Tacú leis na Daltaí a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu
- Fócas ar an tSlua
- Iompar Bulaíochta a athrú
- Áiteanna agus Príomh-Amanna a aithint
- Cultúr agus timpeallacht scoile dhearfach a thógáil de réir Aguisín 2

Téann an beartas i ngleic le hiompar bulaíochta, ciapadh agus gnéaschiapadh. Cé go ndíríonn sé go príomha ar cheisteanna i dtaca le bulaíocht daltaí, baineann sé freisin le múinteoirí agus baill foirne scoile eile, le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le daoine eile sa mhéid go bhfuil baint ag a bhfuil sonraithe sa bheartas leo.

Tá an beartas i bhfeidhm:

- I rith gnáthuaireanta scoile (sosanna san áireamh).
- Ar an mbealach chuig an scoil agus abhaile ón scoil.
- I rith turais scoile.
- I rith gníomhaíochtaí seach-churaclaim.
- I gcás aon iompar bulaíochta (lasmuigh den scoil) a théann i gcion go mór ar rannpháirtíocht dalta sa scoil agus/nó má bhaineann an cás le dualgas cúraim na scoile i leith dalta.

1. De réir an Achta Oideachais (Leas) 2000 agus threoirlíne an chóid iompair arna n-eisiúint ag an NEWB, tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Chomáin laistigh de chreat chód iompair foriomlán na scoile. Comhlíonann an beartas sin go hiomlán le riachtanais *Gnásanna Frith-Bhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus go ngeallann an scoil dá réir cloí leis na

príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

- Cultúr agus timpeallacht dearfach a bheith i réim -
    - ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine atá éagsúil agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
    - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
    - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
    - Ceannaireacht Éifeachtach;
- Cur chuige scoile uile;
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aici;
- Straitéisí oideachais agus coiscthe a bheith curtha chun feidhme (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)-
    - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
    - théann i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

**3.** I gcomhréir le Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.
Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- gan daoine a áireamh d'aon ghnó, biadán mailíseach agus cineálacha eile bulaíochta caidreamhach,
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas: Áiríonn sin aon cheann de na naoi bhforas idirdhealaitheacha a shonraítear sa reachtaíocht um chomhionannas, mar atá, inscne

(trasinscne san áireamh), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine agus a bheith i do Thaistealaí.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

**Leagtar amach tuilleadh eolais ar chineálacha éagsúla bulaíochta thíos:**

**o** Ionsaitheacht fhisiciúil: Áirítear air sin duine a bhrú, a shá, a bhualadh, a chiceáil, a phriocadh nó cor coise a chur ann. Bheadh trom-ionsaí fisiciúil ar áireamh anseo. Is minic a théann daltaí i mbun 'troideanna bréige', ach féadtar úsáid a bhaint astu chun ciapadh fisiciúil a dhéanamh faoi cheilt, sin nó duine a ghortú.

**o** Imeaglú: Cineál ar leith iompar bulaíochta is ea imeaglú: d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar chomharthaíocht choirp ionsaitheach ina mbaintear úsáid as an nguth mar arm troda. D'fhéadfadh aghaidh a léiríonn ionsaitheacht agus/nó míghnaoi a bheith ina chúis mhór imní.

**o** Aonrú/eisiamh agus caidreamh bulaíochta eile: Tarlaíonn bulaíocht den chineál seo nuair a dhéanann cuid den rang nó an rang ar fad duine a aonrú, a eisiamh nó neamhaird a thabhair air/uirthi d'aon ghnó. Is gnách iompar mar seo a bheith tionscanta ag duine atá ag gabháil d'iompar bulaíochta agus féadann sé a bheith deacair a bhrath. D'fhéadfadh ráitis mhaslacha a bheith á scríobh mar gheall ar an dalta seo in áiteanna poiblí, nó nótaí faoin dalta nó líníochtaí den dalta a bheith á scaipeadh nó í/é a bheith á maslú/mhaslú de chogar ach é a bheith sách ard le go gcloisfí é. Meastar go mbíonn caidreamh bulaíochta ann nuair a dhiúltaítear go leanúnach d'iarrachtaí duine caidreamh a bheith aige/aici le piaraí agus gaol a chothú leo, nó nuair a bhaintear an bonn de na hiarrachtaí sin. Bíonn rialú i gceist i gceann de na cineálacha is coitianta: "Déan seo, siúd nó eile, nó ní bheidh mé cairdiúil leat níos mó" (ráite nó intuigthe); grúpa a bhailíonn le chéile in aghaidh duine amháin (cailín nó buachaill); geáitsíocht neamhbhriathartha, cúlchaint mhailíseach; scéalta a bheith á scaipeadh mar gheall ar dhuine nó cluas bhodhar a bheith á tabhairt ar dhuine.

**o** Cibearbhulaíocht: Tá an cineál seo bulaíochta ag éirí níos coitianta agus ag athrú an t-am ar fad. Is bulaíocht é seo a chuirtear i gcrích trí theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide ar nós téacsteachtaireachtaí, suíomhanna líonra sóisialta, r-phost, cur teachtaireachtaí meandracha, feidhmchláir, suíomhanna cluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne. An cineál bulaíochta ar líne is coitianta ná teachtaireachtaí míchuí nó goilliúnacha a dhíriú ar dhuine. De bhrí go n-úsáideann an chibearbhulaíocht modhanna teicneolaíochta chun an t-iompar bulaíochta a choimeád ag imeacht agus nach gá teagmháil duine le duine, féadfaidh an chibearbhulaíocht tarlú uair ar bith (lá nó oíche). Is iomaí cineál bulaíochta is féidir a éascú tríd an gcibearbhulaíocht. Mar shampla: Téacsanna nó teachtaireachtaí meandracha gránna a chur chuig duine eile, cleas a imirt ar fhón móibíleach duine eile, haiceáil isteach i bpróifíl chluichíochta nó líonraithe shóisialta duine eile, a bheith drochbhéasach nó gránna le duine i gcluiche ar líne, rúin nó ráflaí a scaipeadh faoi dhaoine ar líne, duine eile a phearsanú chun teachtaireachtaí mailíseacha a scaipeadh ar líne. Duine a chiapadh nó a bhagairt, nó a bheith gránna le duine trí theachtaireachtaí meandracha, glaonna gutháin, teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist.

**o** Bulaíocht homafóbach: Tarlaíonn sin nuair a labhraíonn daoine nó nuair a iompraíonn siad iad féin ar chaoi a gcuireann duine eile ag mothú go bhfuil bulaíocht á déanamh air nó uirthi mar gheall ar a g(h)néasacht nó an ghnéasacht a cheaptar atá aige ná aici. D'fhéadfadh daoine an saghas sin bulaíochta a fhulaingt mar gheall ar an gcuma atá orthu, a n-iompar, a dtréithe fisiciúla nó mar gheall go bhfuil cairde ná daoine muinteartha acu atá leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach, nó ag ceistiú, nó b'fhéidir díreach mar go gceaptar go bhfuil siad difriúil.

**o** Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine: Duine ar bith a thugann ainm maslach, goilliúnach nó náiritheach ar dhuine eile, ba cheart féachaint air sin mar iompar bulaíochta. Is minic a ndéantar tagairt do chuma fhisiciúil duine, m.sh. méid nó éadaí an duine sin, sna hainmneacha seo. D'fhéadfaí aird dhiúltach a dhíriú ar thuin chainte nó ar ghuth so-aitheanta. Is minic cumas acadúil a bheith ina chúis le hainmneacha maslacha: i gcás daoine a mheastar a bheith níos cliste ná mar is gnách agus i gcás daoine a mheastar a bheith níos laige ná mar is gnách.

**o** Maslú: Baineann an t-iompar go hiondúil leis an gcineál cainte a dhéantar mar chuid den idirmhalartú sóisialta idir daoine. Ach nuair a éiríonn an gcineál sin cainte an-phearsanta agus í dírithe arís is arís eile ar dhuine amháin maidir le cuma, éadaí, sláinteachas pearsanta nó tagairtí dímheasúla faoi bhaill teaghlaigh, go háirithe nuair a bhíonn claontagairt gnéasach i gceist, ansin is bulaíocht a bhíonn i gceist. D'fhéadfadh sí a bheith i bhfoirm tagairtí gáirsiúla faoi ghnéaschlaonadh an dalta.

**o** Dochar do mhaoin: Is féidir bulaíocht a dhíriú ar mhaoin phearsanta. I gceist ansin bheadh damáiste d'éadaí, d'fhón póca nó do ghléasanna eile, do leabhair scoile agus d'ábhar foghlama eile nó cur isteach ar thaisceadán nó ar rothar an dalta. D'fhéadfaí a bhfuil sa mhála scoile a chaitheamh amach ar an urlár. D'fhéadfaí rudaí pearsanta a bhriseadh, a loit, a ghoid nó a chur i bhfolach.

**o** Sracadh: D'fhéadfaí airgead a éileamh, faoi bhagairt uaireanta (bagairtí a chomhlíontar uaireanta mura gcuireann an dalta i dtrácht an t-airgead ar fáil nuair a iarrtar é). D'fhéadfaí iallach a chur ar dhalta maoin a ghoid ar son duine eile atá ag gabháil d'iompar bulaíochta.

**o** Glaonna Teileafóin Maslacha: Is foirm bulaíochta nó imeagla ó bhéil iad glaonna teileafóin maslacha anaithnide. Tá glaonna teileafóin anaithnide an-fhorleathan nuair is múinteoirí a bhíonn ina n-íospartach bulaíochta.

**o** Bulaíocht a dhéanamh ar Phearsanra na Scoile: Is éard a bhíonn i gceist le bulaíocht ar phearsanra scoile ná ionsaithe fisiciúla, damáiste don mhaoin, drochúsáid briathartha, bagairtí ar theaghlach na ndaoine srl.

**o** Iompar Múinteora: D'fhéadfadh múinteoir, i ngan fhios dó nó di féin, a bheith ag gabháil d'iompar bulaíochta, ag cur tús léi nó á neartú ar roinnt bhealaí – ag baint úsáid as searbhas nó cineál éigin eile teanga tairsceanach nó maslach agus iad ag tabhairt aghaidh ar dhaltaí; ag cur tuairimí diúltacha in iúl maidir le cuma nó cúlra an dalta; ag magadh, go díreach nó go hindíreach, faoi dhalta atá lag nó láidir go hacadúil, nó atá leochaileach ar bhealaí eile; ag úsáid geáitsíocht nó léiriú de chineál bhagrach nó imeaglach, nó aon chineál teagmhála nó cleachtaidh fhisiciúil tharcaisneach.

**Tionchar a bhíonn ag Bulaíocht**

Daltaí a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, féadfaidh siad mothúcháin éagsúla a bheith acu – neamhdhiongbháilteacht, náiriú agus imní throm, rud a dhéanann níos soghonta iad, uaireanta. D'fhéadfaí an fhéinmhuinín a laghdú, as a leanann laghdú ar fhéinmheas. Is minic nach labhraíonn na daltaí i dtrácht faoin méid atá ar siúl ach tugtar athrú ar ghiúmar agus ar iompar faoi deara. Má bhíonn an bhulaíocht go dona, féadfaidh an dalta lámh a chur ina bás nó ina bhás féin. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach a bheith airdeallach maidir le hathruithe in iompar toisc gur fearr idirghabháil luath seachas mall a dhéanamh.

**Táscairí d'Iompar Bulaíochta – Comharthaí agus Siomptóim**

- D'fhéadfadh na comharthaí seo a leanas a chur i bhfios go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhalta:

- Imní mar gheall ar an turas chun na scoile nó abhaile uaithi, m.sh. ag iarraidh síob ar thuismitheoir nó ag iarraidh ar thuismitheoir í/é a bhailiú, an bealach chun na scoile a athrú, bheith ag dul ar scoil/ag teacht abhaile ón scoil lasmuigh de na gnáthuaireanta;
- Drogall maidir le dul ar scoil, diúltú dul ar scoil, múitseáil;
- An fheidhmíocht oideachais a bheith ag dul chun donais, easpa cumais chun díriú ar an obair agus laghdú ar dhíograis agus ar spéis i gcúrsaí scoile;
- Patrún de bhreoiteacht fhisiciúil, m.sh. tinnis chinn, tinnis bhoilg;
- Athrú ar ghiúmar nó ar iompar nach féidir a mhíniú a d'fhéadfadh a bheith níos sofheicthe díreach roimh dhul ar ais ar scoil tar éis an deireadh seachtaine agus go háirithe tar éis laethanta saoire scoile;
- Comharthaí feiceálacha imní nó ciaptha, m.sh. caint stadach, gan a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí, tromluí, deacrachtaí codlata, gol, athrú ar phatrúin itheacháin, caitheamh aníos, fliuchadh na leapa;
- Rudaí a rá go spontáineach faoi dhaltaí nó múinteoirí, rudaí nach mbeadh súil leo ón duine sin;
- Maoin a bheith ar iarraidh nó damáiste déanta di;
- Níos mó airgid á iarraidh, nó airgead a bheith á ghoid;
- Gortú nó ballbhrú nach féidir a mhíniú, nó éadaí stróicthe;
- Drogall agus/nó diúltú a rá cad é atá ag cur isteach ar an dalta;
- Gan a bheith á (h)iompar féin mar is gnáth sa seomra ranga
- Ag moilleadóireacht sa scoil nuair atá ranganna thart
- Líníochtaí nó cumadóireacht (aistí) a thugann suaitheadh inmheánach le fios.

Ní gá go gciallódh na comharthaí thuas go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhalta ach má fheictear na comharthaí sin arís agus arís eile, nó i dteannta a chéile, ba cheart imscrúdú a dhéanamh le fáil amach cad é atá ag cur isteach ar an dalta.

**Tréithe maidir le hIompar Bulaíochta**

Ní mór do scoileanna a aithint gur féidir le dalta ar bith a bheith ina íospartach bulaíochta nó ina duine a théann i mbun bulaíochta.

**An tÍospartach**

Dalta ar bith a ndírítear iompar bulaíochta air nó uirthi. Gnáthchuid de shaol na scoile is ea daltaí a bheith ag magadh agus ag spochadh as a chéile. Ach ag pointe airithe, féadfaidh an magadh agus an spochadh iompú ina iompar bulaíochta. Ní thógann sé i bhfad ar dhaltaí difríochtaí eatarthu a thabhairt faoi deara, agus is airde an seans go ndéanfar bulaíocht ar dhalta a bhraitear a bheith difriúil ar shlí éigin. Is iad na daltaí a iompraíonn iad féin ar shlí leochaileach nó buartha is mó a bhíonn i mbaol ó iompar bulaíochta. Uaireanta braitheann a thromchúisí a bhíonn an t-iompar bulaíochta agus an fad a mhaireann sé ar an bhfreagairt a thugann an dalta

ar an ionsaitheacht bhriathartha, fhisiciúil nó síceolaíoch. Tugtar faoi deara go n-iompraíonn daltaí ar leith iad féin ar bhealach a shaighdeann iompar bulaíochta i ngan fhios dóibh féin.

**An Bulaí**

Glactar leis go ginearálta gur iompar foghlamtha é bulaíocht. Is minic go léiríonn daltaí a ghabhann d'iompar bulaíochta dearcthaí ionsaitheacha nasctha le leibhéal íseal féin-araíonachta. Bíonn siad gan doilíos; go minic cuireann siad ina luí orthu féin go bhfuil an méid atá á fulaingt ag íospartach tuillte acu. D'fhéadfadh sé go bhfuil an bulaí ag lorg airde; ag iaraidh meas a fháil ó dhaltaí eile agus taitníonn an fhreagairt a fhaigheann an t-iompar sin leo. Féadann sé a bheith deacair orthu ionbhá a bheith acu le daoine eile. Uaireanta bíonn an chuma orthu gur cuma leo faoi mhothúcháin daoine eile, nó nach dtugann siad mothúcháin daoine eile faoi deara. Is cosúil go bhfuil daoine eile ann a bhaineann taitneamh as an bpian a imríonn siad ar dhaoine eile. Tugtar Díol suntais is ea é gur minic a bhíonn easpa féinmhuiníne nó féinmheasa ar dhaoine a ghabhann d'iompar bulaíochta. Is minic go mbíonn daltaí a théann a bulaíocht ina n-íospartach iad féin. Is féidir iad a shaighdeadh go héasca agus saighdeann siad daoine eile go minic.

**Cá háit a ndéantar bulaíocht?**

Iompar Daltaí

Is minic a dhéantar bulaíocht i gclós na scoile. Má bhíonn cuid den chlós as radharc is dóichí ná a mhalairt gur ansin a dhéanfar an bhulaíocht. Cuireann mórchuid cluichí clóis deis bulaíochta ar fáil, toisc a fhisiciúla atá siad. Bíonn sé furasta go leor dalta eile a roghnú as an slua agus bulaíocht a dhéanamh uirthi nó air. Toisc a ghlóraí a bhíonn clós scoile, is beag duine a chloiseann nó a fheiceann an bhulaíocht. I gclóis bíonn deis ag daltaí bulaíocht a dhéanamh ar dhaltaí atá nios óige nó níos lú ná iad féin. Nó d'fhéadfadh grúpa páistí bulaíocht a dhéanamh ar pháiste nó ar ghrúpa páistí eile. Má bhíonn saighdeadh leanúnach ann, d'fhéadfadh troid fhisiciúil bheith mar thoradh air agus, go hiorónta, d'fhéadfadh an chuma a bheith air i gcásanna áirithe gurb é an duine a bhfuil bulaíocht á déanamh uirthi nó air an t-ionsaitheoir toisc go scaoileann sé ar deireadh le racht feirge le teann frustrachais. Féadann bulaíocht bhriathartha, shíceolaíoch agus fhisiciúil tarlú i leithris, i ndorchlaí, i seomraí cótaí, in aice le taisceadáin, i seomraí gléasta, i gcithfholcthaí, sa halla gleacaíochta agus sa halla tionóla. Ní mór monatóireacht chúramach a dhéanamh ar iompar daltaí sna háiteanna sin.

Féadann bulaíocht tarlú sa seomra ranga, leis. D'fhéadfadh an bhulaíocht a bheith i bhfoirm sracfhéachana, amhairc nó seitgháire ionas gur deacair í a bhrath nó féadann sí a bheith níos inbhraite i bhfoirm imeaglú fisiciúil. D'fhéadfaí an t-iompar sin a ghéarú má bhíonn atmaisféar i réim sa seomra ranga ina nglactar le focail mhaslacha faoin múinteoir nó faoi dhaltaí eile. Ach ní mór do mhúinteoirí a bheith san airdeall faoi na cúiseanna a bhféadfadh a bheith le ráitis mar

sin ó dhaltaí ar eagla go mbeidís ag iarraidh rud éigin atá ag cur isteach orthu agus ar cheart a imscrúdú a chur in iúl.

Féadfaidh bulaíocht tarlú idir thréimhsí ranga is cuma an é an rang nó an múinteoir a théann go dtí an chéad seomra ranga eile. Sa chéad chás tarlaíonn an bhulaíocht sna conair nó i gcúinní, agus sa chás deiridh is é an seomra ranga a fheidhmíonn mar láthair do chineálacha éagsúla iompair dhochracha. Is minic a dhéantar bulaíocht díreach lasmuigh den scoil, lasmuigh de shiopaí áitiúla nó i gcomharsanacht na scoile. Féadann bulaíocht tarlú ag stad an bhus nó ar an turas chun na scoile nó abhaile uaithi is cuma an mbíonn na daltaí ag siúl, ag rothaíocht nó ar bhus scoile.

Iompar Múinteora

Is dóichí gur sa seomra ranga a tharlaíonn iompar bulaíochta ó mhúinteoir ach ní go heisiach. D'fhéadfadh iompar den sórt sin tarlú, mar shampla, in áit shúgartha na scoile, sa giomnasiam nó sa pháirc imeartha.

D'fhonn an timthriall foréigin a chosc ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile, ní mór do dhaoine fásta, in imthosca ar bith ar féidir leo idirghabháil a dhéanamh. Mura ndéantar amhlaidh tugtar teachtaireacht chiúin agus chumhacht go bhfuil iompar ionsaitheach cuí agus inghlactha.

**4.** *Seo a leanas na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi: (féach Alt 6.8 de Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile ):*

Tá córas tréadchúraim den scoth i bhfeidhm ag Gaelcholáiste Chomáin, agus is féidir tuairiscí maidir le gach eachtra a scagadh tríd an slabhra tacaíochta:

1. Comhdhalta
2. Ionadaí ar Chomhairle na nDaltaí
3. Ionadaí ar Choiste Follaine na nDaltaí
2. Ceann Bliana
3. Foireann Chúraim
4. Leas-Phríomhoide
5. Príomhoide

Ba cheart go mothódh dalta compordach go leor le dul i muinín ceann amháin nó níos mó de na cuir chuige seo a leanas chun teagmhas bulaíochta a thuairisciú:

- Dul chun cainte le múinteoir ag am cuí, mar shampla, tar éis an ranga nó ag am lóin/sosa.
- Nóta a thabhairt don mhúinteoir in éineacht leis an obair bhaile nó ag clubanna maoirsithe staidéir/obair baile.
- Dul chun cainte leis an bhFoireann Cúraim. D'fhéadfadh dalta labhairt le ball ar leith den fhoireann dá mbeadh sé nó sí níos compordaí á dhéanamh sin.
- Iarraidh ar thuismitheoir dul i dteagmháil leis an scoil trí ghlaoch ar an Teagascóir Ranga/Ceann Bliana nó ar bhall den Fhoireann Cúraim

Gnásanna maidir le hIompar Bulaíochta a Nótáil agus a Thuairisciú

- Ní mór do mhúinteoirí gach tuairisc maidir le bulaíocht, cibé chomh fánach agus atá sí, a nótáil, a fhiosrú agus dul i ngleic léi. Ar an gcaoi sin beidh daltaí muiníneach as eachtraí a 'insint'. Tá rí-thábhacht ag baint leis an mhuinín sin.
- Ní mór cásanna tromchúiseacha bulaíochta ag daltaí a tharchur láithreach chuig an Príomhoide nó an Leas-Phríomhoide.
- Ba chóir don Príomhoide nó don Leas-Phríomhoide tuismitheoirí nó caomhnóirí na n-íospartach nó na mbulaithe a chur ar an eolas níos luaithe seachas níos déanaí faoi eachtraí chun deis a thabhairt dóibh an t-ábhar a phlé. Beidh deis acu ansin cabhair agus tacaíocht a thabhairt dá leanaí sular dtarlóidh géarchéim.
- Ní mór tuismitheoirí nó caomhnóirí a chur ar an eolas maidir leis an duine cuí ar chóir dóibh fiosruithe a dhéanamh leo i ndáil le heachtraí bulaíochta a bhfuil siad in amhras fúthu nó atá tugtha faoi deara acu trína leanaí nó tuismitheoirí/caomhnóirí eile.
- Ba chóir go mbeadh sé soiléir do gach dalta nach bhfuil siad ag insint scéalta nuair a thuairiscíonn siad eachtraí bulaíochta agus gur iompar freagrach atá ansin.
- Ba chóir an fhoireann nach múinteoirí iad ar nós rúnaithe, feighlithe agus glantóirí a spreagadh chun aon teagmhas d'iompar bulaíochta a fheiceann siad, nó a luaitear leo, a thuairisciú don mhúinteoir ábhartha.
- I gcás gearán a bhaineann le ball foirne, ba chóir é sin a phlé leis an mball foirne atá i gceist agus más gá, é a phlé leis an bPríomhoide.
- Ní mór do mhúinteoirí aonair na bearta cuí a thógáil maidir le tuairiscí bulaíochta agus an méid sin a thaifead i dTeimpléad 3 den Bheartas Frithbhulaíochta.
- Ní mór gach tuairisc a chur faoi bhráid an Phríomhoide agus má tá siadsan as láthair faoi bhráid an Leas-Phríomhoide.

Fiosróidh an scoil i gcomhréir le hAlt 6 de bheartas frithbhulaíochta na scoile.

**5.** Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coisthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas go háirithe bulaíocht

hómafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid i Gaelcholáiste Chomáin ná (féach Alt 6.5 de Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):

- Trí S.P.H.E (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte) beidh daltaí páirteach i modúil ina mbeidh eolas agus foghlaim faoi bhulaíocht chomh maith le réimsí idirghaolmhara mar mhuintearas agus comhtháthú, cumarsáid, coimhlint, cairdeas, sábháilteacht phearsanta agus caidrimh.
- An Clár um Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (RSE)
- Am leis an gCeann Bliana
- An Clár 'Webwise' sa rang ríomhaireachta
- Tionól na Maidine
- An Cód Iompair
- An Clár 'Mindout' tríd an gClár Críochnaithe Scolaíochta
- An Clár 'Check and Connect'
- Seachtain na Folláine.

Ina theannta sin glacfaidh Gaelcholáiste Chomáin straitéisí coisc ina n-áireofar ardú feasachta mar seo a leanas:

- Póstaeir a scaipeadh ar Cláir Fógraí ar fud na scoile lena n-áirítear póstaeir LGBT.
- Cibearbhulaíocht a chosc agus feasacht a ardú mar gheall uirthi. Cuirfidh sé sin iompar ar líne cuí agus conas a bheith sábháilte ar líne i bhfeidhm i measc daltaí
- Oíche eolais do thuismitheoirí maidir le bulaíocht
- Clár meantóireachta – 'Deartháir Mór/Deirfiúr Beag' idir daltaí na hIdirbhliana agus daltaí sa chéad bhliain.

**6.** Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta:

(NÓTA: Cloíonn gnásanna na scoile leis na treoirlínte mar a shonraíonn Gnásanna na Roinne Oideachais agus Scileanna d'fhonn alt 6.8.9 a fhiosrú agus dul i ngleic léi)

(i) Is é an phríomhaidhm a bheidh ag an múinteoir ábhartha agus bulaíocht á imscrúdú aici/aige aghaidh a thabhairt ar aon cheist is gá a réiteach agus an gaol idir na páirtithe i dtrácht a chur ar ais mar a bhí sé an oiread is indéanta sin (seachas milleán a chur);

(ii) Agus imscrúdú ar bhulaíocht á dhéanamh, nó nuair a bhítear ag déileáil le bulaíocht, feidhmeoidh an múinteoir a breithiúnas gairmiúil chun a chinneadh cibé an ndearnadh bulaíocht agus conas ab fhearr déileáil leis an bhfadhb;

(iii) Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm, a imscrúdú agus déileáil leo. Ar an tslí sin beidh níos mó muiníne ag daltaí gur fiú bulaíocht a

thuairisciú. Tá sé ríthábhachtach an mhuinín sin a chothú i measc na ndaltaí. Ba cheart é a rá go soiléir leis na daltaí nach ag tabhairt leideanna atá siad nuair a thuairiscíonn siad teagmhais bhulaíochta ach á n-iompar féin ar shlí fhreagrach;

(iv) Ní mór an fhoireann neamhtheagaisc – rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta, coimhdirí iompar scoile, airígh, glantóirí – a spreagadh chun aon teagmhas d'iompar bulaíochta a fheiceann siad, nó a luaitear leo, a thuairisciú don mhúinteoir ábhartha;

(v) Ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon imscrúdú agus cabhrú leis an scoil aon cheist bhulaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe atá bainteach leis an mbulaíocht a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta sin.

(vi) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint ar gach duine atá bainteach leis (lena n-áirítear gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) ar an gcur chuige thús ón gcéad lá;

(vii) Ba cheart cur chuige réidh, fadhbréitigh, neamhmhothúchánach a bheith ag múinteoirí agus iad ag déileáil le líomhaintí d'iompar bulaíochta a thuairiscíonn daltaí, baill foirne nó tuismitheoirí dóibh;

(viii) Is fearr de ghnáth teagmhais a imscrúdú lasmuigh den seomra ranga chun príobháideacht gach duine atá bainteach leis a chosaint.

(ix) Ba cheart gach agallamh a dhéanamh go híogair ag féachaint do chearta gach dalta i dtrácht. D'fhéadfadh daltaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an mbulaíocht eolas úsáideach a sholáthar in agallamh mar sin;

(x) Agus anailís á déanamh ar theagmhais d'iompar bulaíochta, ba cheart don mhúinteoir ábhartha freagraí a lorg ar na ceisteanna céard, cá háit, cathain, cén duine nó cé na daoine, agus cad chuige? Ba cheart na ceisteanna sin a chur go ciúin síochánta, chun sampla a thabhairt den tslí le déileáil le coimhlint go héifeachtach neamhionsaitheach.

(xi) Má bhíonn grúpa i gceist, ba cheart agallamh a chur ar gach duine den ghrúpa ina nduine agus ina nduine. Ba cheart labhairt leis an ngrúpa ar fad ina dhiaidh sin. Ag an gcruinniú grúpa, ba cheart a iarraidh ar gach ball cuntas a thabhairt ar an méid a chonaic sé/sí le bheith cinnte go gcloiseann an grúpa ar fad cuntais a chéile.

Ba cheart tacú le gach ball sa ghrúpa i bhfianaise na mbrúnna a d'fhéadfadh baill eile sa ghrúpa a chur orthu tar éis an agallaimh leis an múinteoir;

(xiii) D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach nó cabhrach iarraidh ar na daoine a bhí bainteach leis an teagmhas a gcuntas ar an teagmhas a scríobh síos;

(xiv) I gcásanna ina gcinneann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ba cheart teagmháil a dhéanamh, a luaithe is féidir, le tuismitheoirí na bpáirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar a mhíniú doibh (le tagairt do bheartas na scoile). Ba cheart go dtabharfadh an scoil deis phlé do na tuismitheoirí ar shlite ina bhféadfaí bearta na scoile agus an tacaíocht do na daltaí a athneartú nó a mhéadú;

(xv) I gcás ina gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta ag gabháil d'iompar bulaíochta, ba cheart é a chur ar a súile nó ar a shúile di nó dó go soiléir gur sháraigh sí nó sé beartas frithbhulaíochta na scoile agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun go bhféachfadh sí nó s an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an bhulaíocht á déanamh air nó uirthi nó air;

(xvi) Ní mór a chur in iúl chomh maith do gach duine lena mbaineann (gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) i gcás ar bith ina mbíonn gá le smachtbhannaí araíonachta, gur ábhar príobháideach atá ann idir an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi, a t(h)uismitheoirí agus an scoil;

(xvii) Ba cheart cruinnithe breise leis na páirtithe i dtrácht a shocrú chun iarracht a dhéanamh iad a thabhairt le chéile níos faide anonn má bhíonn an dalta a ndearnadh an bhulaíocht uirthi nó air sásta leis sin. Féadann tairbhe theiripeach a bheith ag gabháil le cruinnithe mar sin;

(xviii) I gcásanna ina measann an múinteoir ábhartha nár caitheadh go leordhóthanach leis an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoil tar éis di/dó a chinneadh gur tharla iompar bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha é sin a thaifead sa teimpléad taifeadta a chuirtear ar fáil in Aguisín 3 (Féach Roinn 6.8.10 (iii));

(xix) Agus cinneadh á dhéanamh cibé ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach le cás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, mar chuid dá breithiúnas nó dá bhreithiúnas gairmiúil, na tosca seo a leanas a chur san áireamh:

- Cibé ar scoireadh den iompar bulaíochta ó shin;
- Cibé ar réitíodh, a mhéad ab fhéidir, aon cheist a bhí le réiteach idir na páirtithe;
- Cibé an bhfuil an caidreamh idir na páirtithe curtha ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta;
- Aon aiseolas a fuarthas ó na páirtithe i dtrácht, óna dtuismitheoirí nó ó Phríomhoide nó Leas-Phríomhoide na scoile.

(xx) I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo, ní mór gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh a chur in iúl don tuismitheoir;

(xxi) I gcás ina mbaineann an tuismitheoir úsáid as gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh agus nach bhfuil sí/sé sásta fós, ní mór don scoil a insint don tuismitheoir go bhfuil sé de cheart aici/aige gearán a dhéanamh le hOmbudsman na Leanaí. [https://www.citizensinformation.ie/en/birth_family_relationships/children_s_rights_and_policy/the_ombudsman_for_children.html#ld1a9a]

**7.** Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu (Roinn 6.8 Nósanna imeachta frithbhulaíochta do na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna):

Is féidir déileáil le gach cás as féin agus cuirfear an tacaíocht riachtanach i bhfeidhm; d'fhéadfadh sin idirghabháil a áireamh ó cheann amháin ar a laghad de na páirtithe seo a leanas:

- Aon daltaí a bhfuil bulaíocht déanta orthu, cuirfidh an scoil na tacaíochtaí agus na deiseanna uile ar fáil dóibh a chuirfidh ar a gcumas a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a fheabhsóidh a bhféinmheas, a chabhróidh leo cairdeas agus scileanna sóisialta a fhorbairt, agus a chothóidh teacht aniar iontu, m.sh.
    - -An córas cúraim thréadaigh
    - -An córas Páirtíochta / Piarmheantóireachta
    - -An córas Ceann Bliana
    - -Foireann cúraim (Foireann Tacaíocht do Mhic Léinn más ann dá leithéid sa scoil)
    - Grúpobair, mar shampla, seisiúin chiorcail

Tá Foireann Cúraim sa scoil a thagann le chéile gach seachtain chun plé a dhéanamh ar chúrsaí daltaí agus ar dhaltaí a bhfuil deacrachtaí acu. Is iad an Príomhoide, an Príomhoide Tánaisteach, an tOifigeach Teagmhála Baile agus Scoile, agus Comhordaitheoir an Chláir Críochnaithe Scolaíochta atá sa ghrúpa sin. Is féidir leis an ngrúpa teacht ar chomhaontú faoi na nósanna imeachta is fearr a chabhróidh leis an té a ndearnadh bulaíocht air ná uirthi, agus leis an té a rinne an bhulaíocht, lena chinntiú go mbainfear 'ceartas aisiríoch' amach.

- Déanann an scoil tréaniarracht freagairt go héifeachtúil agus go híogair d'fhadhbanna bulaíochta nuair a tharlaíonn siad, agus soláthrófar an tacaíocht riachtanach d'aon dalta a bhfuil bulaíocht tar éis dul i gcion air ná uirthi. Áiríonn sin an té a ndearnadh an bhulaíocht air ná uirthi, an bulaí féin, agus aon duine a bhí in éineacht leis an mbulaí nuair a tharla an bhulaíocht. Gníomhaireachtaí seachtracha amhail TESS, NBSS, Seirbhísí Sóisialta, Oifig Oideachais Mhuineacháin, Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann srl.
- Caithfear scoláirí a thuiscint nach bhfuil aon duine ar an láthair neamhchiontach agus go gcaithfear gach eachtra bulaíochta a thuairiciú do mhúinteoir scoile. Déanann an scoil tréaniarracht freagairt go héifeachtúil agus go híogair d'fhadhbanna bulaíochta nuair a tharlaíonn siad, agus soláthrófar an tacaíocht riachtanach d'aon dalta a bhfuil bulaíocht tar éis dul i gcion air ná uirthi. Áiríonn sin an té a ndearnadh an bhulaíocht air ná uirthi, an bulaí féin, agus aon duine a bhí in éineacht leis an mbulaí nuair a tharla an bhulaíocht.

**Cad is féidir le Tuismitheoirí a dhéanamh?**

Cur ar chumas na ndaltaí eachtraí a thuairisciú

- Is féidir le ráitis ar nós 'ní cheart duit a bheith ag insint scéalta' agus "sceithireacht" ag aois óg iarmhairtí díobhálacha a bheith acu chomh fada is a bhaineann sé le heachtraí bulaíochta. Déan cinnte go gcuirfidh tú ina luí ar do leanaí gur chóir dóibh eachtraí bulaíochta a chur in iúl i gcónaí.

**Labhair le do leanaí faoi Iompar Bulaíochta**

- Cinntigh go bhfuil a fhios acu nach mbíonn bulaíocht "fisiciúil" i gcónaí agus labhair leo faoi na cineál éifeachtaí a bhaineann léi.

Déan gach eachtra Bulaíochta a fheictear a phlé

- Tabhair dea-shampla. Nuair a fheiceann tú iompar diúltach, leag béim air.

Bí ar an airdeall maidir le d'iompar féin.

- Ná cuir mearbhall ar do leanaí trí rud amháin a rá agus a mhalairt a dhéanamh. Seachain disciplín neamhréireach agus modhanna disciplín a bhraitheann ar threallús ró-chumhachtach. Cleacht daonlathas i do bhaile, tabhair freagracht do na leanaí. Cur muinín chun cinn agus cinntigh go bhfuil féinmheas acu.

**Cad is cóir duit a rá le do leanaí má tá bulaíocht ar siúl acu :**

Cad is cóir dom a dhéanamh

- Bí chomh muiníneach agus is féidir leat. Ba chóir aghaidh a thabhairt orthu agus abair leo go soiléir stop a chur leis. Déan iarracht a bheith suaimhneach agus bog siar uathu.

Ná bí Feargach

- Ma tá duine i mbun bulaíochta ná déan iarracht iad a bhualadh/a chiceáil. D'fhéadfaí go ngortófaí tú i dtroid agus fiú mura ngortaítear, d'fhéadfadh an bulaí a rá gur tusa a d'ionsaigh iadsan agus sílfidh daoine gur tusa an bulaí.

Má Thugann siad Ainmneacha Ort

- Má bhíonn siad ag magadh fút, déan iarracht neamhaird a dhéanamh díobh. Ná feicidís go bhfuil siad ag cur isteach ort. Is maith le bulaithe a fheiceáil go bhfuil siad ag cur isteach ort. Mura bhfeicfidh siad sin, níl bheith aon mhaith dóibh a bheith do chrá.

Cuimhnigh, Ní Fútsa É

- Go minic, téann daoine i mbun bulaíochta le go mothóidh siad níos fearr, mar gheall go bhfuil siad míshásta ag an scoil nó ag an baile. Cuimhnigh gur acusan atá an fhadhb agus ní agatsa. Ná creid an méid atá siad ag rá fút, agus ná cuir an milleán ort féin.

Inis dod Chairde//Daoine sa Rang ar féidir a bheith muiníneach astu

- Inis dóibh cad atá ag tarlú ag tarlú agus an chaoi a mhothaíonn tú. Iarr orthu teacht in éineacht leat chun é a insint do mhúinteoir má tá imní ort. Iarr orthu seasamh in éineacht leat i gcoinne an bhulaí.

Inis do Dhuine Éigin

- Má tá bulaíocht á déanamh ort, déan iarracht é a insint do dhuine éigin.

Labhair le : - Do thuismitheoirí, - Duine de do theaghlach, - Do mhúinteoirí, - Cabhairlíne

Má tá clár idirghabhála nó meantóireachta piara ag do scoil déan iarracht úsáid a bhaint as. Ní féidir le haon duine cabhrú leat mura n-insíonn tú dóibh.

Ná húsáid foréigean chun ar ais leis an mbulaí. Tá contúirt ag baint le troideanna fisiciúla le daoine.

- Má bhíonn eagla ort é a insint do dhuine éigin ar fhaitíos go ndéanfadh sé rudaí níos measa, abair leis an duine lena labhraíonn tú go bhfuil eagla ort go n-éireoidh rudaí níos measa má dhéanann siad rud éigin. Iarr orthu bealach a fháil chun dul i ngleic leis nach ndéanfaidh rudaí níos measa.

**8. Maoirseacht agus Monatóireacht Dhaltaí**

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

**9. Cosc ar Chiapadh**

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

**10. Polasaí a Ghlacadh:**

- Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, tá sé ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.
- Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

**Ghlac an Bord Bainistíochta leis an mbeartas nua seo ar an 23-10-2024**

# Aguisín 1 - Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

**1. Ainm an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi agus an grúpa ranga**

Ainm ________________________________________Rang__________________

**2. Ainm(neacha) agus rang(anna) an dalta(na ndaltaí) atá ag gabháil d'iompar bulaíochta**

| |
|---|
| ______________________________________________________________ |
| ______________________________________________________________ |
| ______________________________________________________________ |

**3. Foinse** an imní bulaíochta/tuairisce (cuir tic sa bhoscaí/sna boscaí cuí*)

| | |
|---|---|
| An dalta atá i gceist | |
| Dalta eile | |
| Tuismitheoir | |
| Múinteoir eile | |
| Eile | |

**4. An áit ar tharla** (cuir tic sa bhoscaí/sna boscaí cuí*)

| | |
|---|---|
| Sa chlós spraoi | |
| Seomra ranga | |
| Pasáiste | |
| Leithris | |
| Bus scoile | |
| Eile | |

**5. Ainm an duine(na ndaoine) a rinne an t-údar imní bulaíochta a thuairisciú**

| |
|---|
| |

**6. Cineál** an iompair bhualaíochta (cuir tic sa bhoscaí/sna boscaí cuí*)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ionsaí Fisiciúil | | Cibearbhulaíocht | |
| Damáiste do mhaoin | | Imeaglú | |
| Aonrú/Eisiamh | | Biadán Mailíseach | |
| Ainmneacha a thabhairt ar dhaoine | | Eile (sonraigh) | |

**7. Sa chás go mbíonn an t-iompar bunaithe ar aitheantas, léirigh an chatagóir chuí:**

| Homafóbach | Bainteach le míchumas/riachtanais speisialta oideachais | Ciníoch | Ballraíocht den Lucht Siúil | Eile (sonraigh) |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**8. Cur síos gairid ar an iompar bulaíochta agus ar a thionchar:**

| |
|---|
| |

**9. Sonraí ar na mbeart a glacadh**

| |
|---|
| |

Sínithe ______________________________ (Múinteoir ábhartha) Dáta ___________________________

An data a cuireadh an fhoirm ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide ___________________

**<u>* Nóta:</u>** Is catagóirí molta atá sna catagóirí i dtáblaí 3, 4, & 6 agus is féidir le scoileanna catagóirí eile a chur leo nó iad a leasú de réir a gcuid imthosca féin.